Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7616/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0226(COD)**

**CODEC 511**
**AGRI 205**
**AGRILEG 62**
**ENV 268**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 **(an chéad léamh)**<br>Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 43(114) agus 168(4)(b) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 26 Deireadh Fómhair 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 17 Aibreán 2024[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024[4].

1 11592/23 + ADD 1 go 5.
2 IO C, C/2024/893, 6.2.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/893/oj.
3 IO C, C/2024/3674, 26.6.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/3674/oj.
4 10952/24.

5. An 19 Nollaig 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[5], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

6. An 5 Feabhra 2026, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[6].

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 17037/25 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 17037/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Chróit, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil.

8. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[5] 16659/25.
[6] 6131/26.